



Bileog Eolais maidir le Comhairliúcháin Phoiblí 2022

1. An tAthbheithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí

Le halt 24 de na hAchtanna Comhdhlúite um Rialáil Tacsaithe, 2013 agus 2016, tugtar de chumhacht do Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair “Ordú Uastáillí” a dhéanamh, rud lena socraítear an uastáille a fhéadfaidh tiománaí tacsáí a ghearradh i leith aon turais.

Cuspóirí

Ba iad seo a leanas na cuspóirí a bhí leis an Athbheithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí:

- Meastachán a dhéanamh ar an meánleibhéal gníomhaíochta i measc tacsaithe in aon bhliain ar leith, bunaithe ar shonraí suirbhé agus ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh.
- Gach gné den Innéacs Costas Tacsáí a nuashonrú, lena n-áirítear an “costas seasta” agus na costais reatha ar an meántacsáí, bunaithe ar na leibhéil gníomhaíochta a cinneadh, agus costais saothair.
- Measúnú a dhéanamh ar a chúil atá an struchtúr reatha táillí.

An tInnéacs Costas Tacsáí

Is ionann an tInnéacs Costas Tacsáí (an tInnéacs) agus uirlis chainníochtúil a úsáideann an tÚdarás Náisiúnta Iompair chun measúnú a dhéanamh ar an athrú sna costais a bhaineann le tacsáí a oibriú. Athríomhtar an tInnéacs thart ar gach dhá bhliain bunaithe ar phraghasinnéacsanna foilsithe agus ar phraghsanna tionscail agus soláthraítear leis cur chuige caighdeánaithe i leith anailís a dhéanamh ar athruithe costais sa tionscal tacsaithe agus i leith measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann le táillí a choigeartú.

Bíonn costais oibriúcháin éagsúla uathúla le hóc ag tiománaithe tacsáí aonair, agus iad ag brath ar a saintréithe oibriúcháin aonair agus ar dhálaí margaidh i gcoitinne. Níl sé mar aidhm leis an Innéacs an costas foriomlán a bhíonn le hóc ag aon tiománaí aonair a chur i láthair. Ina ionad sin, tá sé mar aidhm leis meastachán a thabhairt ar na meánchostais a bhíonn le hóc ag tiománaithe tacsáí. Tá an cur chuige sin bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Ní mór an tInnéacs a bheith ionadaíoch agus ní mór na hathruithe i gcostais a bhíonn le hóc ag céatadán suntasach den tionscal a léiriú ann.
- Ba cheart toradh cothrom ar an saothar a sholáthraíonn an tiománaí tacsáí a léiriú san Innéacs.
- Ba cheart an tInnéacs a bheith bunaithe ar thiománaí a chloíonn leis an dea-chleachtas sa tionscal.

- I measc na gcostas a chuirtear ar áireamh san Innéacs tá na mórchostais reatha agus sheasta uile, mar aon le comhpháirt costais saothair. Comhcheanglaítear na costais sin le chéile chun teacht ar chostas táscach foriomlán ar thacsaí a oibriú gach bliain.

Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2019 go méadófaí an Uastáille Náisiúnta Tacsaí faoi 4.5 faoin gcéad. Mar sin féin, mar thoradh ar an gcur isteach ar an tionscal fáilteachais, ar an tionscal turasóireachta, ar an tionscal fóillíochta agus, dá bhrí sin, ar an tionscal tacsaithe de dheasca thús phaindéim Covid-19 agus de dheasca srianta taistil agus mar gheall ar an bhfreagairt a bheadh ag paisinéirí d'aon mhéadú ag an am sin, mhol an Coiste Comhairleach um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus ionadaithe don tionscal tacsaithe go n-iarchuirfí tosach feidhme an Ordaithe Uastáillí. Ghlac an tÚdarás agus an Roinn Iompair leis an moladh sin. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú seo ar tháillí ceaptha chun cuntas a thabhairt ar an athbhreithniú ar tháillí don bhliain 2019 freisin.

Cuimsíonn na costais a chuirtear ar áireamh san Innéacs trí chomhpháirt – Costais Reatha, Costais Sheasta agus Costais Saothair. Tá comhdhéanamh gach ceann de na comhphárteanna sin leagtha amach sna táblaí thíos. Is féidir tuilleadh mionsonraí a fháil sa Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsaí don bhliain 2022. I gcomhthráth leis an gcoigeartú seo ar tháillí, tá sé beartaithe freisin ceanglas éigeantach a chur ar thiománaithe tacsaí glacadh le híocaíochtaí cárta. Dá réir sin, cuireadh liúntas ar áireamh sa choigeartú beartaithe, faoin gceannteideal 'Costais Reatha Ilghnéitheacha', chun aird a thabhairt ar na costais bhreise a thiocthaí chun cinn.

Costais reatha

	Leibhéal Gníomhaíochta	
	Meastachán ón bPríomh-Oifig Staidrimh don bhliain 2019	Meastachán ó Thiománaithe don bhliain 2019
Comhpháirt den Innéacs	30,352 km	42,000 km
Breosla	€2,390	€3,307
Seirbhísiú	€436	€603
Glantachán	€1,073	€1,073
Boinn	€389	€539
Páirteanna Spártha	€284	€393
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€300	€300
Costais Reatha Iomlána	€4,873	€6,216

Costais sheasta

Comhpháirt den Innéacs	Costas don bhliain 2021
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€3,899
Árachas	€1,867
Cleamhnachtaí – oibrítheoir seoltach traidisiúnta/aipsheirbhís	€2,872
Athsholáthar Trealamh – ceanglais rialála	€230
Athnuachan Ceadúnais Feithicle Tacsaí	€150
Mótarcháin	€95

Muirir Aerfoirt	€41
An Tástáil Náisiúnta Carranna	€62
Fíorú Méadair	€43
Calabré agus Ríomhchlárú Méadair	€45
Ceadúnas Tiománaí Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí	€50
Ceadúnas Náisiúnta Tiománaí	€6
Costais Sheasta Iomlána	€9,360

Costais Saothair (*Tógtha ó Innéacs na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh “Oibrithe táirgeachta, oibrithe iompair, oibrithe ceirde agus oibrithe láimhe eile”*)

Comhpháirt den Innéacs	Costais don bhliain 2021
Costais Saothair	€ 30,083

Athruithe Coigeartaithe san Innéacs Costas Tacsaí, 2017-2022

Bliain	Na Leibhéil Ghníomhaíochta a Thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh			Na Leibhéil Ghníomhaíochta a Thuairiscigh Tiománaithe		
	2017	2019	2022	2017	2019	2022
KM	32,624 km	29,951 km	30,352 km	49,000 km	42,000 km	42,000 km
Costais Reatha	€4,309	€4,235	€4,873	€5,825	€5,430	€6,216
Costais Sheasta	€11,480	€11,321	€9,360	€11,480	€11,321	€9,360
Costais Saothair	€23,945	€25,878	€30,083	€23,945	€25,878	€30,083
Costais Iomlána	€39,734	€41,435	€44,315	€41,250	€42,629	€45,658
Athrú Céatadánach, 2017-2022			11.5%			10.7%
Méadú Molta san Innéacs Costas Tacsaí don bhliain 2022*			12.5%			11.7%

Achoimre

Tríd is tríd, bhí an méadú san Innéacs Costas Tacsaí idir na blianta 2017 agus 2022 sa raon idir 10.7 faoin gcéad agus 11.5 faoin gcéad. Moladh san Athbhreithniú ar Tháillí don bhliain 2019 go gcoigeartófaí an tInnéacs faoi 1% eile chun freastal ar na costais bhreise (táillí idirbhirt agus soláthar cruá-earraí) a bhaineann le saoráidí íocaíochta gan airgead tirim. Agus an soláthar sin le haghaidh íocaíochtaí gan airgead tirim á chur ar áireamh, is é **12%** an méadú molta san Uastáille don bhliain 2022 mar gheall ar an méadú i gcostais oibriúcháin a bhíonn le híoc ag tiománaithe tacsaí, de réir an athraithe san Innéacs, agus mar gheall ar an sainordú saoráide íocaíochta gan airgead tirim (1%) a thabhairt isteach.

An Méadú a Chur i bhFeidhm

Léirítear sna táblaí thíos an dóigh a gcuirfí an méadú **12%** i bhfeidhm i leith an struchtúir táillí atá ann cheana.

An Struchtúr Uastáillí atá ann cheana

	Ráta Caighdeánach (08.00-20.00)	Ardráta (20.00-8.00, an Domhnach agus Laethanta Saoire Bainc)
Muirear Tosaigh	€3.80	€4.20
Taraif A (Suas go 15 km)	€1.14 in aghaidh an chiliméadair €0.40 in aghaidh an nóiméid	€1.45 in aghaidh an chiliméadair €0.51 in aghaidh an nóiméid
Taraif B (Os cionn 15 km)	€1.50 in aghaidh an chiliméadair €0.53 in aghaidh an nóiméid	€1.80 in aghaidh an chiliméadair €0.64 in aghaidh an nóiméid

An Struchtúr Uastáillí a d'fhéadfadh a bheith ann

	Ráta Caighdeánach (08.00-20.00)	Ardráta (20.00-8.00, an Domhnach agus Laethanta Saoire Bainc)
Muirear Tosaigh	€4.20	€4.80
Taraif A (Suas go 15 km)	€1.30 in aghaidh an chiliméadair €0.46 in aghaidh an nóiméid	€1.71 in aghaidh an chiliméadair €0.60 in aghaidh an nóiméid
Taraif B (Os cionn 15 km)	€1.65 in aghaidh an chiliméadair €0.58 in aghaidh an nóiméid	€2.00 in aghaidh an chiliméadair €0.71 in aghaidh an nóiméid

Agus leas á bhaint as an “Struchtúr Uastáillí a d’fhéadfadh a bheith ann”, mar atá thuas, agus bunaithe (i) ar an ualú idir Am Ráta Chaighdeánaigh agus Am Ardráta agus (ii) ar mhuirearú achair, agus aird á tabhairt ar mheánluach na gcostas breise a ghearrtar i leith paisinéirí breise nó glaonna amach, is é an toradh a bheadh ar an struchtúr athbhreithnithe thuas ná meánmhéadú **12%** i dtáillí ar fud fhormhór na n-achar taistil.

I gcomhthráth leis an gcoigeartú seo ar tháillí, tá sé beartaithe freisin ceanglas éigeantach a chur ar thiománaithe tacsáí glacadh le híocaíochtaí cárta. Dá réir sin, cuireadh liúntas ar áireamh sa choigeartú beartaithe chun aird a thabhairt ar na costais bhreise a thiocfaidh chun cinn.

Tacsáiméadair a Chalabhrú agus a Fhíorú

Tá thart ar 36 shamhail tacsáiméadair in úsáid sna 16,000 tacsáí, beagnach, atá ceadúnaithe chun paisinéirí a lorg in Éirinn. Oibríonn tacsáiméadair ar fhéilire ar feadh suas le cúig bliana. Ríomhchláraítear isteach i ngach méadar na taraifí ábhartha uile do gach am agus dáta, mar aon le mionsonraí faoi na dátaí ar a dtitfidh laethanta saoire bainc amach anseo.

I gcás go ndéanfar athrú san Uastáille Náisiúnta Tacsáí, ní mór do shuiteálaithe príobháideacha bogearraí tacsáiméadair gach tacsáiméadar a ríomhchlárú (a chalabhrú) chun an táille nua a ríomh. Ní mór d'Fhíoraitheoir Údaraithe na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí san Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann gach feiste a fhíorú ansin chun a dhearbhu go ríomhtar an uastáille go cruinn léi.

Is é €86.10 an costas reatha ar Fhíorú ó LMS. Cé go mbíonn éagsúlacht ann maidir leis na costais a ghearrtar ar thacsáiméadar a chalabhrú, is é €91.60 an meánchostas bunúsach sa bhliain 2022. Thar thréimhse dhá bhliain, is ionann an costas sin agus €43.05 le haghaidh Fíorú (gan athrú ó rinneadh an t-athbhreithniú roimhe ar tháillí) agus is ionann é agus €45.80 le haghaidh ath-ríomhchlárú agus calabhrú.

Amlínte le haghaidh Ath-ríomhchlárú agus Fíorú

Ní mór roinnt gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh tar éis Uastáille nua Náisiúnta Tacsáí a ghlacadh.

Ar an gcéad dul síos, ní mór do sholáthraithe na dtacsáiméadar éagsúil ríomhchláir nua bogearraí a ullmhú do gach méadar chun an struchtúr athbhreithnithe táillí a chur san áireamh iontu.

Ní mór gach ríomhchlár bogearraí a sholáthar don tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí san Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ansin. Déanfaidh an tSeirbhís athbhreithniú ar an ríomhchlár a cuireadh isteach agus ceadóidh sí é nó diúltóidh sí dó. Ní fhéadfaidh suiteálaithe/soláthraithe tosú ar ríomhchlár bogearraí a shuiteáil sna tacsáiméadair aonair ach amháin tar éis don tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí an ríomhchlár a cheadú. Tógann sé thart ar dhá mhí ar fad chun ríomhchláir nua a ullmhú agus chun ceadú a fháil ón tSeirbhís.

Tar éis an ríomhchlár a cheadú, féadfaidh soláthraí/suiteálaí an tacsáiméadair sin tosú ar na ríomhchláir a athsholáthar/a nuashonrú i dtacsáiméadair aonair. Beidh fad an phróisis sin ag brath ar an líon suiteálaithe atá ann agus ar an líon feithicil ina bhfuil an tacsáiméadar ar leith sin suiteáilte. Teastaíonn tréimhse dhá mhí nó mar sin chun nuashonrú an tacsáiméadair a chríochnú.

Tar éis gach feithicil a ríomhchlárú, ach i gcomhráth leis an bpróiseas foriomlán chun tacsáiméadair a nuashonrú, ní mór d'Fhíoraitheoir na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí feithicil a thástáil agus a fhíorú ansin go bhfuil na tacsáiméadair ag obair go cuí.

2. Na Rialacháin Beagfheithicle Seirbhíse Poiblí (Saoráid Íocaíochta gan Airgead Tirim)

Réamhrá

Ní bhaineann an togra le haghaidh Rialachán Saoráide Íocaíochta gan Airgead Tirim ach amháin leis an bhflít tacsaithe in Éirinn, atá freagrach as 84 faoin gcéad den fhlít iomlán beagfheithicil seirbhíse poiblí. Ní chuirtear fruilcharranna ná limisíní ar áireamh sa togra sin toisc gur feithicil réamháirithinte iad, ar ina leith is féidir an íocaíocht a dhéanamh roimh an turas toisc go gcomhaontaítear na táillí roimh ré agus nach ríomhtar iad i bhfíor-am ar thacsáiméadar.

Tá an togra le haghaidh roghanna íocaíochta gan airgead tirim a sholáthar i ngach tacsáí ag teacht leis an mbeartas Rialtais, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Íocaíochtaí 2013. Tá sé ag teacht freisin le gníomhartha nó intinn luaite fhormhór na dtiománaithe tacsáí le blianta beaga anuas, go háirithe ó thús phaindéim Covid-19. Tugtar le fios sa taighde is déanaí (Feabhra 2022) go dtairgeann 92% de thiománaithe roghanna íocaíochta gan airgead tirim. Níor luaigh ach 3% díobh nach mian leo na roghanna sin a thairiscint ar chor ar bith.

Treoirínte agus Oiliúint

Má cheadaíonn an Bord an dréachtriallachán seo ar deireadh, déanfaidh an tÚdarás “Treoirínte maidir le Glacadh le hÍocaíochtaí gan Airgead Tirim i dTacsaithe’ a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin. Áireofar leis na Treoirínte sin faisnéis faoin bpróiseas i gcoitinne, faisnéis faoi cheanglais sábháilteachta infheithicle agus faisnéis faoi cheanglais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, Bhanc Ceannais na hÉireann agus soláthraithe scéimeanna cárta maidir le teirminéil díolphointe agus faoi conas na teirminéil sin a úsáid chun na caighdeáin, na próisis idirbheart íocaíochta agus na prótacail atá i bhfeidhm acu a chomhlíonadh.